

Comhairle Chontae na Mí
Meath County Council

STAID CEAPTHA BAILE CHILL DHÉAGLÁIN
FODHLÍTHE TACSAITHE 2020

Leis seo, déanann Comhairle Contae na Mí (arna tugfar “an Chomhairle” ina dhiaidh seo), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe dóibh le halt 25 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013), agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Choimisinéir an Gharda Síochána, na Fodhlíthe seo a leanas maidir leis an limistéar atá comhdhéanta de bhaile Chill Dhéagláin.

Sliocht 1. Féadfar Fodhlíthe 2021 um Tacsaithe i mBaile Chill Dhéagláin a thabhairt do na Fodhlíthe seo.

Dáta tosaithe 2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm agus in éifeacht ar Dé Luain, an **7 Nollaig 2020**.

Sainmhíniú 3. (1) Sna fodhlíthe seo, ciallaíonn “Sceideal”

- (a) Sceideal do na fodhlíthe seo
- (b) Déanfar tagairt do cheann stad tacsáí ceaptha a fhorléiriú mar thagairt don fhoirceann sin den áit staid tacsáí óna meastar teorainneacha an áit staid tacsáí cheaptha i gcolún (3) den Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

Sainmhínte:

- (a) Ciallaíonn “tacsáí” feithicil seirbhíse sráide (sa bhrí a thugtar leis in Alt 3 den Acht um Thrácht Sráide, 1961)
- (b) Stad ceaptha - áiteanna ceaptha ina bhféidir le tacsaithe seasamh ar fhrúiliú (Alt 25 den Acht um Rialú Tacsaithe 2013, arna leasú)
- (c) Sráid - mar a shainmhínítear mar bhóthar poiblí é (sa bhrí a thugtar léi in Alt 2 den Acht Bóithre 1993).

Ceapachán staid cheaptha 4. (1) Faoi réir na bhFodhlíthe seo, beidh gach suíomh a shainmhínítear i gcolún 2 den Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, gach cuid den tsráid a thairiscítear i gcolún 3 den Sceideal os coinne an lua i gcolún 2 den láthair ina Seastán Ceaptha ar fáil d’úsáid gan teorainn maidir le ham nó ócáid úsáide.

(2) Faoi réir na bhFodhlíthe seo, i ngach suíomh i gcolún (2) de Sceideal 2 a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, beidh gach cuid den tsráid a thairiscítear i gcolún (3) de Sceideal 2 ina háit seasaimh cheaptha a bheidh ar fáil lena úsáid ar na laethanta agus ar na hamanna a leagtar amach i gcolún (6) den Sceideal sin os coinne an lua i gcolún (2) den tsráid.

Suíomh na bhfeithicil ag staid ceaptha: 5. (1) Cuirfear tacsáí atá ag seasamh ar fhrúiliú -

- (a) I limistéir an staid cheaptha mar a shonraítear iad i gcolún den Sceideal is cuí
- (b) Sa suíomh a shonraítear i gcolún (5) den Sceideal i gcoinne lua an staid cheaptha i gcolún (3) de Sceideal 1 nó 2 agus
- (c) i gcás nach bhfuil aon Tacsaithe ag an stad ceaptha cheana féin, ag ceann an staid cheaptha, nó in aon chás eile, in ord agus chomh gar agus is indéanta do Thacsáí ag an stad ceaptha.

(2) Ní dhéanfar Tacsáí atá ag seasamh ar fhuiliú ag áit staid cheaptha a chur níos faide ná 45 ceintiméadar ón gcolbha a shonraítear i gcolún (3) de Sceideal 1 nó 2.

Uasmhéid na dtacsaithe ag Stad Ceaptha 6. (1) Ní rachaidh an líon tacsaithe a bheidh ar fuiliú ag an Stad Ceaptha a shonraítear i gcolún (3) de Sceideal 1 nó 2 thar an méid a shonraítear i gcolún (4) den sceideal is cuí.

Folúntais ag staid ceaptha 7. Aon uair a fhágfaidh tacsáí a shuíomh ag Stad Ceaptha, tiocfaidh an tacsáí (más ann dó) is túsce in ord ag an Seastán Ceaptha ina ionad láithreach.

Forálacha ginearálta maidir le Staid Ceaptha 10. Bainfidh na forálacha seo a leanas le tacsaithe ag seasamh ar fuiliú ag stad ceaptha -

- (a) Ní dhéanfaidh duine an fheithicil a ní, a athchóiriú ná a dheisiú, ach amháin cibé deisiúcháin is gá chun go bhféadfar í a aistriú ón áit staid cheaptha;
- (b) Comhhlíonfaidh tiománaí an Tacsaithe aon ordacháin a thabharfaidh comhalta den Gharda Síochána nó maor tráchta nó duine údaraithe dó faoi alt 40(1) den Acht um Rialacháin Tacsaithe 2013 agus 2016 dó maidir le suíomh an Tacsaithe ag an áit staid cheaptha nó maidir lena thabhairt isteach san áit staid cheaptha nó é a bhaint as.
- (c) ní dhéanfaidh duine aon torann nach bhfuil gá leis tríd an bhfeithicil ná an inneall ná le haon trealamh, feisteas nó ionstraimí atá ar an bhfeithicil nó a iompraítear ar an bhfeithicil ná aon challaire san fheithicil nó a bhaineann ar aon slí leis an bhfeithicil;
- (d) Ní féidir le haon fheithicil seachas tacsáí páirceáil/seasamh ar fuiliú ag Stad Ceaptha.

Srian ginearálta ar tacsaithe atá ag seasamh ar fuiliú 11. Ní dhéanfaidh tiománaí Tacsáí an Tacsáí a chur ar cíos i mbaile Chill Dhéagláin seachas ag áit staid cheaptha a shonraítear i Sceideal 1 nó 2 agus de réir na bhFodhlíthe seo.

Féadfar úsáid staid cheaptha a chur ar fionraí go sealadach agus rogha eile a sholáthar le hordú feidhmiúcháin chun tógáil, forbairt nó cothabháil d'aon chuid den bhóthar (mar a shainmhítear in Acht na mBóithre, 1993 é) a éascú nó chun aon chríche eile a bhaineann le bainistiú tráchta. Ní fhéadfaidh tiománaí tacsáí seasamh ar cíos ag stad ceaptha a bhfuil a úsáid curtha ar fionraí go sealadach.

SCEIDEAL 1

STAID CEAPTHA BUANA

Uimhir thagartha (1)	Suíomh (2)	Limistéir an staid cheaptha (3)	Uasmhéid na bhfeithicilí (4)	Suíomh na bhfeithicilí ag an stad cheaptha (5)
NPS1	Sráid Frederick, Cill Dhéagláin	Ar an taobh thiar den ród i mbá páirceála comhthreomhar, ó phointe 1 mhéadar ó dheas ón ché theas den bhealach isteach roinnte go Séipéal Coincheapa gan Smál agus Halla an Pharóiste, ag síneadh 6 mhéadar ó dheas. Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.	1	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomhar leis.
NPS2	Sráid Fredreick, Cill Dhéagláin	Ar an taobh thoir den ród i mbá páirceála eangaithe, ó phointe 50 méadar ó dheas ón taobh thuaidh den Fhoirgneamh "REMO'S", ag síneadh 11.5 méadar ó dheas. Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.	2	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomhar leis.
NPS3	Sráid Killeglan, Cill Dhéagláin	Ar an taobh thoir thuaidh den ród i	1	Ina líne shingil leis an gcolbha

		<p>mbá páirceála eangaithe, ó phointe 20 méadar soir ó dheas ón taobh thiar theas de “Killeglad square”, ag síneadh 6.0 méadar soir ó dheas.</p> <p>Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.</p>		<p>agus comhthreomhar leis.</p>
--	--	--	--	---------------------------------

SCEIDEAL 2

STAID CEAPTHA PÁIRTAIMSEARHA

Uimhir Thagartha (1)	Suíomh (2)	Limistéir an staid cheaptha (3)	Uasmhéid na bhfeithiclí (4)	Suíomh na bhfeithiclí ag an stad cheaptha (5)	Tréimhse infhaighteachta (6)
NPS4	Sráid Frederick, Cill Dhéagláin	Ar an taobh thoir den ród i mbá páirceála eangaithe, ó phointe 9 méadar ó dheas ón taobh thuaidh den Fhoirgneamh "REMO'S", ag síneadh 7 méadar ó dheas. Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.	1	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomh ar leis.	7i.n. go dtí 7.r.n. Dé Luain-Dé Domhnaigh
NPS5	Sráid Frederick, Cill Dhéagláin	Ar an taobh thoir den ród i mbá páirceála eangaithe, ó phointe 19 méadar ó dheas ón taobh thuaidh den Fhoirgneamh "REMO'S", ag síneadh 14 mhéadar ó dheas. Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.	2	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomh ar leis.	7i.n. go dtí 7.r.n. Dé Luain-Dé Domhnaigh
NPS6	Broadmeado w Sráid an Chaisleáin,	Ar an taobh theas den ród i mbá páirceála eangaithe, ó	1	Ina líne shingil leis an gcolbha agus comhthreomh	7i.n. go dtí 7.r.n. Dé Luain-Dé Domhnaigh

	Cill Dhéagláin	phointe 12 mhéadar siar ón áit ina thrasnaíonn sé imeall bhóthair Shráid Frederick/Sráid an Droichid, ag síneadh 6 mhéadar siar. Líníocht Thagartha DG7011 faoi iamh.		ar leis.	
--	----------------	--	--	----------	--

Shocraigh Comhaltaí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin na Fodhlíthe seo a dhéanamh ag an gcruinniú a bhí acu Dé Máirt, 3 Samhain 2020.

**I LÁTHAIR nuair a greamaíodh COMHSHÉALA CHOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ air seo:
_____ AN LÁ _____ SAMHAIN 2020 _____**

Cathaoirleach: _____

Dáta: _____

Príomhfheidhmeannach: _____

Dáta: _____